COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Déardaoin 28ú de Mheán Fómhair 2023**

**4.00in - 6.00in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Déardaoin an 28ú de Mheán Fómhair ag 4.00 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., G. Uí C., Á. B, C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal ó:** S. Ó T., P. Ó C. agus P. S.

1. **Fáiltiú**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách agus ghuí sé chuile bheannacht ar obair an Bhoird agus ar phobal na scoile. Ghuí sé chuile rath ar obair an Bhord don scoilbhliain úr.

2. **Miontuairiscí**

   Scaipeadh na miontuairiscí ar bhaill den Bhoird cúpla seachtain roimh cruinniú den Bhoird. Mhol Á B. le cuidiú ó G Uí C. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile is déanaí, mhol ó G Uí C. le cuidiú Á B. go nglacfar leo.

3. **Ag éirí astu**

   Tugadh le fios don Bhoird nach raibh aon rud ag éirí astu.

4. **Comhfhreagras**

   Chuaigh an Príomhoide tríd na ciorclán reatha, chuaigh sí tríd comhfhreagras bainteach le Ciorclán na Roinne, BOOGR, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, NEPS, Cigireacht an Roinn Oideachas – Freagra an Bord don Roinn ar chigireacht Ábhair.

## 5. Tuairisc an Rúnaí

**Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Cruinniú Eolas Bliain 1 Nua 2023/24, Lá Ionduchtú Bliain 1, Lá Folláine, Seimineár Zeeko – Sábháilteacht Idirlíne, Cuairt Scoile an Garda Síochána.

Bliain 2: Lá Folláine, Seimineár Zeeko – Sábháilteacht Idirlíne, Cuairt Scoile an Garda Síochána.

Bliain 3: Lá Folláine, Seimineár Zeeko – Sábháilteacht Idirlíne, Cuairt Scoile an Garda Síochána.

Bliain 4: Scrúduithe Stáit, Cúrsa Ceannaireachta - Scileanna Féin Forbartha, Cúrsa Garchabhrach, Lá Folláine, Cuairt Scoile an Garda Síochána, Comórtas Treabhadóireachta, Maidin Caife, Options West.

Bliain 5: Scrúduithe Stáit (5 dalta), Lá Folláine, Cuairt Scoile an Garda Síochána, Comórtas Treabhadóireachta, Options West.

Bliain 6: Lá Folláine, Cuairt Scoile an Garda Síochána, Comórtas Treabhadóireachta, Options West.

**Forbairt Gairmiúil**

**Fás agus Forbairt**

**Cúrsa Garchabhrach (Safetech) – C. Ó L., M. Nic an M., P. Ó hI.**

**Cúrsa le COGG ar leabhar téarmaí – Foireann ar fad**

**Tá 70 dalta cláraithe don scoilbhliain 2023/'24, deichniúr dalta sa chéad bhliain 2023/24**

**Comhpháirtíocht agus Nascanna**

TUSLA, NEPS, COGG, JCT, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Comhairle na dTuistí.

## 6. Plé ar Ráiteas Sláinte & Sábháilteacht

Déanadh uasdátú ar an Ráiteas. Bhí sé curtha faoi bhráid an foireann agus é sínithe ag chuile duine. Tá teacht ar an Ráiteas ar suíomh na scoile agus i oifig an rúnaí scoile. Is í Á. B. Ionadaí na Foirne agus is í G. Ní C. an t-Oifigeach Sláinte agus Sábháilteacht.

## 7. Plé ar Ráiteas Caomhnú Leanaí

Tá athnuachan déanta ar an Ráiteas Caomhnú Leanaí de réir treoracha na Roinne a sheoltar ar an 28ú de Lúnasa, 2023. Léadh agus pléadh na hathraithe atá déanta ar na cáipéisí úra. Beidh an t-eolas á roinnt leis an BOOGR go bhfuil na hathraithe inghlactha ag Bord Bainistíochta na scoile. Beidh teacht ar Ráiteas Caomhnú Leanaí na scoile ag na doirse agus ar suíomh na scoile. Ghlac ball an bhord d'aon ghuth leis na hathraithe agus cuireadh síniú an Chathaoirleach leo.

**8. Plé ar Pholasaí Frithbhulaíochta**

Cuireadh cáipéisí faoi bhráid baill an Bhord. Socraíodh glacadh leis an bPolasaí. Tugadh moladh glacadh leis an Pholasaí ó C. Ó C. le tacaíocht ó G. Ní C.

**9. Cód Iompair do Bhall Boird**

Pléadh Nós Imeachta na cruinnithe le baill an Bhord.

**10. Scéim Aitheantas mar Scoil Gaeltachta**

Tugadh le fios don Bhord go nbeidh cigireacht ar an scoil idir seo agus Aibreáin 2024 mar chuid den Scéim Aitheantas.

**11. Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Cuireadh na cáipéisí cuí faoi bhráid an Bhord agus léadh gach cáipéis don Bhord, tugadh le fios don Bhord nach raibh aon rud le tuairisciú faoi aon teideal.

**12. Tuairisc ó Coiste na dTuistí**

Duirt G Uí C. go mbeadh aiseolas á dtabhairt ó Choiste na dTuismitheoirí i rith na scoilbhliana. Mhol sí agus an bPríomhoide ceiliúradh pobal na scoile d'ócáid shóisialta Bn Uí Mhainín.

**13. Tuairisc ar Sláinte agus Sábháilteacht**

Thug A. B. gearrchuntas ar a cuid oibre ar na cáipéisí Riosca Shláinte agus Sábháilteachta. Tá formhór de na cáipéisí riosca suas chun dáta.

**14. A. R. E**

Cuireadh faoi bhráid an Bhord aiseolas na Cigireachta ar an Cigireacht Ábhair – Tíreolaíocht. Mhol baill an Bhord an cháipéis agus cuireadh freagra scoile ar ais chuig an Chigireacht.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill an Bhoird as a gcuid oibre agus a bheith i láthair. Rinne Cathaoirleach an Bord críoch a chur leis an gcruinniú agus ghuí sé chúile bheannacht ar phobal na scoile.

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha  Dáta: 12/12/23.

**Cathaoirleach**